2027L033C2IS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Coimre Shamplach

# Gnó

## An Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

## 200 marc

## 1. Eolas d'iarrthóirí, do mhúinteoirí agus d'údarás na scoile

Gabhann dhá chomhpháirt leis an measúnú ar an nGnó san Ardteistiméireacht:

1. Scrúdú scríofa deiridh
2. An Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

Is fiú 200 marc an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, is é sin 40% de na marcanna iomlána don Ghnó san Ardteistiméireacht. Is as an scrúdú scríofa deiridh a bhronntar na 300 marc (60%) eile.

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh go hiomlán de réir na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha atá leagtha amach sa choimre oibre cúrsa seo agus i Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an mhúinteora ranga agus cuirfear faoi bhráid CSS ansin í (**Cuid 3**).

**An próiseas fíordheimhniúcháin**


Tá an próiseas fíordheimhniúcháin curtha i bhfeidhm ag CSS chun **sláine an phróisis scrúdaithe** agus **cothroime agus cothromas idir iarrthóirí** a chinntiú. Tá freagracht ar an iarrthóir, ar an múinteoir ranga agus ar údarás na scoile a chinntiú gurb iad na hiarrthóirí a ullmhóidh an obair chúrsa go leanúnach agus gurb í obair fhíordheimhneach na n-iarrthóirí sin a chuirfear faoi bhráid CSS ar deireadh. Tá eolas cuimsitheach i Rialacha agus Nósanna Imeachta CSS faoin bpróiseas fíordheimhniúcháin agus ní foláir an t-eolas sin a léamh agus déanamh dá réir. Is éard atá sa choimre seo ná an t-eolas agus na riachtanais a bhaineann go sonrach leis an ábhar chun an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo a dhéanamh.

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh na hiarrthóirí taighde agus imscrúdú mar chuid den obair chúrsa. Ionas go ndéanfaidh na hiarrthóirí go hiomlán de réir Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS, ní foláir dóibh tagairt a dhéanamh agus aitheantas a thabhairt dá bhfoinsí taighde, aon úsáid a bhaintear as intleacht shaorga ina measc, mar a leagtar amach **in Aguisíní 1 agus 2** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Measfar gur bradaíl aon ábhar nárbh é/í an t-iarrthóir a rinne é agus nach ndearnadh tagairt mar is ceart dó. Meastar gur falcaireacht é sin. Is sárú é sin ar rialacháin agus déanfaidh CSS imscrúdú air – féach **Cuid 15** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Is faoin iarrthóir, faoin múinteoir ranga agus faoi údarás na scoile a chinntiú gurb í obair fhíordheimhneach na n-iarrthóirí a chuirfear faoi bhráid CSS.

## 2. An tuairisc dhigiteach a chruthú

Is ortsa mar iarrthóir atá an fhreagracht do dhoiciméad digiteach a chruthú agus a bhainistiú chun an tuairisc a dhéanamh. Cuireann CSS leathanach cumhdaigh ar fáil i bhformáid Microsoft Word (.docx) agus is féidir é sin a íoslódáil ó: [Eolas faoi Scrúduithe - Coimisiún na Scrúduithe Stáit](#).
Ní foláir duit an leathanach cumhdaigh a líonadh leis an eolas ábhartha go léir agus é a chur isteach mar an chéad leathanach de do dhoiciméad. Ní sholáthraíonn CSS aon leabhrán cur isteach ná aon teimpléad le haghaidh na tuairisce; mar sin, is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil struchtúr agus formáid do thuairisce de réir na dtreoracha sa choimre seo (féach **Codanna 2**, **3** agus **6**).

Ní foláir an leagan deiridh den doiciméad a thiontú go PDF sula gcuirfear faoi bhráid CSS é. Féadfaidh tú aon bhogearra próiseála focal oiriúnach a úsáid chun do thuairisc a dhéanamh, ar choinníoll gur féidir leis an doiciméad a thiontú go PDF agus é críochnaithe. Moltar go mór duit cóip chúltaca a dhéanamh de do thuairisc dhigiteach agus í a uasdátú go rialta ionas gur féidir leat í a úsáid má chailltear nó má thruaillítear an bhunchóip.




**Rialacha formáidithe na tuairisce**
Ní foláir duit cloí leis na rialacha formáidithe seo a leanas sa tuairisc a dhéanfaidh tú:

| | |
|---|---|
| Ceannteidil na gcodanna | Gach cuid a uimhriú agus a chur ar leathanach nua sa tuairisc.<br>Ba chóir an cló seo a leanas a úsáid sa cheannteideal:<br>Arial, dubh, méid 14 agus trom.<br>Féach **Cuid 6** le haghaidh ainmneacha cheannteidil na gcodanna. |
| Téacs an phríomhchoirp | Arial, dubh, méid 12 agus spásáil 1.5 idir na línte. |
| Gnéithe eagarthóireachta téacs atá ceadaithe | Trom, iodálach, uimhriú, agus urchair. |
| Gnéithe eagarthóireachta téacs **nach bhfuil** ceadaithe | Téacs daite (téacs dubh amháin), téacs aibhsithe, clónna éagsúla (Arial amháin). |
| Treoshuíomh na leathanach | Portráid amháin. |
| Uimhriú na leathanach | Bun gach leathanaigh sa lár. |
| Imill na leathanach | Imeall ar chlé 20 mm<br>Imeall ar dheis 20 mm<br>Imeall ar an mbarr 20 mm<br>Imeall ar an mbun 20 mm |
| Íomhánna, táblaí, graif | Féach **Cuid 4.** |

Tá líon focal leagtha síos don tuairisc agus ní foláir cloí leis sin. Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna má chuireann tú isteach ábhar a bhfuil níos mó ná an líon focal ceadaithe air.

## 3. An tuairisc oibre cúrsa a chur isteach

Nuair a bheidh do thuairisc déanta agat ar an dáta deiridh nó roimhe, ní foláir duit déanamh de réir na gcéimeanna seo a leanas:

1. Tiontaigh do thuairisc ina PDF. Is féidir é sin a dhéanamh ar fhormhór na mbogearraí próiseála focal.
2. Priontáil an leagan PDF de do thuairisc agus léigh mar phrofa é chun a chinntiú go bhfuil do chuid oibre go léir le feiceáil. Aon obair nach mbeidh le feiceáil ar an gcóip phriontáilte sin, ní bheidh sí le feiceáil ag scrúdaitheoirí agus iad ag marcáil na hoibre go digiteach agus ní féidir aon mharcanna a bhronnadh uirthi mar sin.
3. Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil an chóip PDF den tuairisc atá priontáilte agat críochnaithe, ba chóir duit an leagan digiteach den tuairisc a chur faoi bhráid do mhúinteora ranga. Gach bliain, eisíonn CSS ciorclán maidir le Tairseach na Scoileanna, ciorclán ina leagtar amach an chaoi ar chóir duit do chomhad PDF a ainmniú i gceart, agus féadfaidh tú dul i gcomhairle le do mhúinteoir ranga faoin gcaoi ar féidir é sin a dhéanamh.
4. Ba chóir d'údarás na scoile leagan priontáilte de do thuairisc dheiridh agus cóip dhigiteach den tuairisc a choinneáil go sábháilte go dtí deireadh an phróisis achomhairc.
5. Ní foláir duit an próiseas fíordheimhniúcháin a chur i gcrích chun a dheimhniú gurb í do chuid oibre fíordheimhní féin atá sa tuairisc oibre cúrsa atá á cur isteach agus, chuige sin, Foirm Fíordheimhniúcháin CSS, P.2, a shíniú. Cuirfidh do mhúinteoir ranga an fhoirm sin ar fáil duit. Síneoidh do mhúinteoir ranga agus príomhoide na scoile an fhoirm sin freisin chun a dheimhniú go ndearna tú de réir an phróisis fíordheimhniúcháin.
6. Cuirfidh údarás na scoile do chuid oibre cúrsa faoi bhráid CSS trí Thairseach na Scoileanna. Gach bliain, eiseoidh CSS ciorclán ina mbeidh eolas sonrach faoi na hábhair a gcuirtear an obair chúrsa lena n-aghaidh isteach go digiteach trí Thairseach na Scoileanna.

**Achoimre ar na céimeanna chun do thuairisc oibre cúrsa a dhéanamh agus a chur isteach**

1. Tiontaigh an tuairisc dheiridh ina PDF

2. Priontáil an PDF den tuairisc oibre cúrsa dheiridh agus léigh mar phrofa é

3. Cuir an leagan deiridh digiteach den tuairisc oibre cúrsa faoi bhráid an mhúinteora ranga

4. Coinneoidh údarás na scoile cóip dhigiteach agus cóip phriontáilte den tuairisc oibre cúrsa

5. Cuir an próiseas fíordheimhniúcháin i gcrích

6. Cuirfidh údarás na scoile an tuairisc faoi bhráid CSS

## 4. An Próiseas maidir leis an Staidéar Imscrúdaitheach sa Ghnó

Tá an choimre don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo deartha le go mbeidh deis agat fianaise a léiriú ar a bhfuil foghlamtha agat i nGnó na hArdteistiméireachta. Nuair a bheidh an staidéar críochnaithe agat, cuirfidh tú tuairisc faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Agus an staidéar á dhéanamh agat, moltar go láidir duit fillteán imscrúdaitheach a choinneáil. Féadfaidh tú leas a bhaint as d'fhillteán agus tú ag dul i ngleic go leanúnach le do chuid staidéir agus ag déanamh do thuairisce. Is féidir taifead a choinneáil ann ar do chuid smaointe agus machnamh a dhéanamh ann ar an gcaoi a n-athraíonn na smaointe sin i gcaitheamh ama. Is féidir taifead a choinneáil ann freisin ar ábhair ábhartha foghlama agus thacaíochta. **Níor chóir** duit d'fhillteán imscrúdaitheach a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Is go digiteach a chuirfear do thuairisc faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena marcáil.

Tá na céimeanna sa phróiseas chun an staidéar imscrúdaitheach a chur i gcrích liostaithe thíos. Féach CNCM Treoirlínte chun tacú le Cur i gCrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, mar a bhfuil treoir mhionsonraithe agus tacaíocht.

Céim 1: Ag Cur Tús Leis
Céim 2: Ceist a fhorbairt chun taighde a dhéanamh uirthi
Céim 3: Plean tionscadail a fhorbairt
Céim 4: Foinsí a shainaithint agus eolas agus sonraí a bhailiú
Céim 5: Anailís agus meastóireacht
Céim 6: Foghlaim a chur i bhfeidhm agus teacht ar chonclúidí
An tuairisc dheiridh a chur le chéile

Níor chóir go mbeadh níos mó ná **1500 focal** i do thuairisc. Ní áirítear sa líon focal sin focail a úsáidtear i dtagairtí, i dtáblaí sonraí, i ngraif, i léaráidí, in íomhánna, nó mar lipéid.

Tabhair do d'aire go mbronnfar marcanna as ucht cumarsáid shoiléir agus gontacht sciliúil i do thuairisc ach nach mbronnfar an oiread céanna marcanna má bhíonn fad gan ghá nó an iomarca íomhánna inti agus níos lú comhleanúnachais ag baint léi dá réir.


Tabhair do d'aire gur ceadmhach táblaí, graif, léaráidí, íomhánna, etc., a dhéanamh le bogearraí cuí, iad a ghabháil ó fhoinsí tánaisteacha agus a chur sa tuairisc. Nuair a dhéantar tagairt i gcorp na tuairisce d'íomhá ar leith, ní foláir lipéad cuí a chur leis an íomhá (fíor 1, fíor 2, etc.). Níor chóir íomhánna a úsáid ar mhaithe le téacs breise a chur isteach. **Deich** n-íomhá an líon iomlán íomhánna atá ceadaithe sa tuairisc ar fad.

## 5. Topaic don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo – Sampla

Déan Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo agus scríobh Tuairisc bunaithe ar an gcoimre seo:

Sa mhargadh iomaíoch agus feasach ón taobh sóisialta de ina mairimid sa lá atá inniu ann, tá ról ríthábhachtach ag an eitic maidir le cinntí margaíochta a mhúnlú.
Tá na páirtithe leasmhara ag éileamh níos mó trédhearcachta agus cuntasachta, rud atá ag cur níos mó brú ar ghnólachtaí a gcuid cleachtas margaíochta a chur de réir prionsabail eitice. San am céanna, tá riachtanais tomhaltóirí ag athrú agus, dá bhrí sin, tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar an gcaoi a dtéann gnólachtaí i ngleic le tomhaltóirí – rud a fhágann go mbíonn nuálaíocht agus feasacht ag teastáil i gcónaí. Sa timpeallacht dhinimiciúil seo, ar mhaithe leis an mbuntáiste iomaíoch a choimeád, ní hamháin gur gá coinneáil suas le treochtaí digiteacha ach ní mór iontaoibh a chothú freisin le margaíocht fhreagrach eiticiúil.

Iarrtar ort iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag cúinsí eitice ar an margaíocht do do rogha gnólacht a fheidhmíonn sa tionscal seirbhíse in Éirinn.



## 6. Struchtúr na Tuairisce ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

Maidir le struchtúr na Tuairisce ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, ba chóir an méid seo a leanas a chur mar cheannteidil ar na codanna, **agus líon focal molta le gach ceann**. Ba chóir duit na ceannteidil seo a chur i do Thuairisc. Moltar ábhar thíos maidir le gach ceannteideal.

**1. Réamhrá** **thart ar 200 focal**

- Cuir in iúl an cheist taighde atá agat
- Mínigh an réasúnaíocht a bhí agat leis an gceist a roghnú
- Déan do mhachnamh ar an gcaoi a ndeachaigh tú i ngleic le do phlean tionscadail

**2. Imscrúdú agus Torthaí** **thart ar 400 focal**

- Mínigh an cuspóir agus an bhaint a bhí ag na modhanna taighde agus na foinsí éagsúla a d'úsáid tú maidir le do cheist taighde
- Cuir torthaí do chuid taighde i láthair i bhformáidí cuí
- Cuir dearcthaí éagsúla san áireamh

**3. Anailís agus Meastóireacht** **thart ar 600 focal**

- Déan anailís ar thorthaí do thaighde
- Déan meastóireacht ar thorthaí do thaighde
- Léirigh úire agus smaointeoireacht chriticiúil tríd síos san anailís agus sa mheastóireacht

**4. Conclúidí** **thart ar 300 focal**

Beidh cineál do chonclúidí ag brath ar riachtanais na coimre a eiseofar gach bliain.

- Cuir conclúidí i láthair a chosnaítear san anailís agus sa mheastóireacht
- Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar chabhraigh do chuid pleanála leat an staidéar a chur i gcrích
- Pléigh an chaoi ar fhorbair do dhearcadh de thoradh an staidéir
- Déan do mhachnamh ar an nasc atá idir do chuid torthaí agus saol réadúil an ghnó

**5. Tagairtí**

- Déan taifead cuí ar fhoinsí an eolais uile a bailíodh.

## 7. Leithdháileadh na Marcanna

Tá 200 marc san iomlán ag gabháil leis an Tuairisc ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. Nuair a dhéanfar marcáil ar do chuid oibre, cuirfear critéir mheasúnaithe i bhfeidhm, agus déanfar marcanna a leithdháileadh ar na gnéithe éagsúla den tuairisc mar a thugtar breac-chuntas air thíos.

| **Leithdháileadh na Marcanna:** | |
|---|---|
| Réamhrá | 20 marc |
| Imscrúdú, Torthaí, Anailís agus Meastóireacht | 100 marc |
| Conclúid | 30 marc |
| | |
| *Comhleanúnachas Foriomlán | 50 marc |

* **Comhleanúnachas Foriomlán**: ní cuid ar leith é den Tuairisc ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. Ina ionad sin, bronntar marcanna as an gComhleanúnachas Foriomlán ar bhonn cháilíocht fhoriomlán na tuairisce, lena n-áirítear eagar a bheith ar an ábhar agus é a bheith soiléir agus ag teacht le chéile. Ba chóir fianaise ar phleanáil agus ar mhachnamh a bheith soiléir tríd síos. Bronntar marcanna chomh maith as struchtúr loighciúil, cur in iúl soiléir, úire, téarmaíocht ghnó a úsáid go héifeachtach, agus tagairtí cruinne a bheith ann.